



An Bhruiséil, 13 Feabhra 2025  
(OR. en)

6215/25

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2024/0249(COD)

---

---

VOTE 4  
INF 14  
PUBLIC 4  
CODEC 131

## NÓTA

- Ábhar:
- Toradh na vótála
  - RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1115 a mhéid a bhaineann le forálacha a bhaineann leis an dáta cur i bhfeidhm
    - = Glacadh an ghnímh reachtaigh
    - = Toradh an nós imeachta i scríbhinn críochnaithe an 18 Nollaig 2024

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

PE-CONS 98/24

dáta an chinnidh a rinne Coreper, an Nós Imeachta i Scríbhinn a úsáid,  
an 11 Nollaig 2024.

Na ráitis agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.



## General Secretariat of the Council

Institution: **Council of the European Union**  
Session:  
Configuration:  
Item: **2024/0249(COD)** (Document: **98/24**)  
Voting Rule: **qualified majority**  
Subject: **REGULATION OF THE EUROPEAN PARLIAMENT AND OF THE COUNCIL amending Regulation (EU) 2023/1115 as regards provisions relating to the date of application**

Vote	Members	Population (%)
Yes	27	100%
No	0	0%
Abstain	0	0%
Not participating	0	
Total	27	

Sitting date: **18/12/2024**

Final result



Member State	Population (%)**	Vote	Member State	Population (%)**	Vote
BELGIQUE/BELGIË	2,61		LIETUVA	0,63	
БЪЛГАРИЯ	1,44		LUXEMBOURG	0,15	
ČESKO	2,40		MAGYARORSZÁG	2,13	
DANMARK	1,31		MALTA	0,12	
DEUTSCHLAND	18,72		NEDERLAND	3,99	
EESTI	0,30		ÖSTERREICH	2,02	
ÉIRE/IRELAND	1,15		POLSKA	8,37	
ΕΛΛΑΔΑ	2,31		PORTUGAL	2,33	
ESPAÑA	10,67		ROMÂNIA	4,23	
FRANCE	15,11		SLOVENIJA	0,47	
HRVATSKA	0,85		SLOVENSKO	1,21	
ITALIA	13,25		SUOMI/FINLAND	1,24	
ΚΥΠΡΟΣ	0,20		SVERIGE	2,34	
LATVIJA	0,42				

\* When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (15 MS) accounting for at least 65% of the population.

\*\* Indicative percentage of the population of the Union (%). The qualified majority is calculated in accordance with the population figures adapted each year.

For information: <http://www.consilium.europa.eu/public-vote>

**Ráiteas ón Ostair**

Tá na cuspóirí foriomlána céanna ag an Ostair agus atá ag Rialachán an Aontais maidir le Dífhoraoisiú (EUDR), chun stop a chur leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí ar fud an domhain. Ní mór na cuspóirí sin a bhaint amach trí bhearta comhréireacha agus éifeachtúla, agus acmhainní agus iarrachtaí forfheidhmiúcháin a dhíriú ar na réigiúin atá buailte ag an dífhoraoisiú. Is lú an t-ualach riaracháin a bheadh ar ghnólachtaí agus údaráis dá thoradh, agus ní mór feidhm a bheith aige go háirithe maidir leis na tíortha a bhfuil riosca íseal dífhoraoisithe acu, agus an deimhneacht dhlíthiúil á cinntiú ag an am céanna do na gníomhaithe uile feadh an tslabhra luacha. Dá bhrí sin, bhí an Ostair ar cheann de na chéad Bhallstát a d'iarr go gcuirfí dáta chur i bhfeidhm EUDR siar, agus tagraíonn sí don nóta a thíolaic sí mar aon ghnó eile do Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 26 Márta 2024.

Is díol sásaimh don Ostair go bhféadfaí teacht ar chomhaontú lena gcuirfear dáta cur i bhfeidhm EUDR siar bliain amháin, chomh maith leis an athbhreithniú a bheartaigh an Coimisiún a dhéanamh faoi mhí an Mheithimh 2028 chun anailís a dhéanamh ar bhearta breise chun an t-ualach riaracháin a shimpliú agus a laghdú agus, dá bhrí sin, vótálfaidh sí i bhfabhar an téacs. Ag an am céanna, is oth leis an Ostair nach raibh dóthain ama ann chun tuilleadh simplithe riaracháin a phlé. Le linn na hidirthréimhse fadaithe, ní mór leanúint den obair chun réiteach simplí praiticiúil a fheabhsú agus a fhorbairt maidir leis an rialachán a chur chun feidhme, go háirithe agus FBManna á gcur san áireamh agus cothroime iomaíochta á háirithiú. Ní mór dálaí iomaíochta éagóracha do chuideachtaí Eorpacha a chosc go háirithe trí Chóras Faisnéise EUDR dea-fheidhmiúil, atá curtha in oiriúint do riachtanais na ngnólachtaí feadh an tslabhra luacha.

Iarrann an Ostair ar an gCoimisiún tuilleadh feabhais a chur ar na Ceisteanna Coitianta agus ar na Treoirínte, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis na hearnálacha eacnamaíochta a ndéanann EUDR difear dóibh.

## Ráiteas ón tSualainn

Ó glacadh an Rialachán, rannchuidigh an tSualainn leis an obair fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil chun an iliomad débhríochtaí a bhaineann leis a shoiléiriú. Mar gheall ar na héiginnteachtaí atá fós ann, tá an tSualainn ag iarraidh, ó mhí Feabhra 2024, go gcuirfí dáta an chur i bhfeidhm siar chun cur chun feidhme ordúil, a bheidh cinnte ó thaobh an dlí de, a cheadú do dhaoine dlítheanacha agus nádúrtha. Measann an tSualainn nach leor an togra ón gCoimisiún maidir le cur siar 12-mhí chun an méid is gá a bhaint amach, go háirithe i gcás feirmeoirí beaga i dtríú tíortha. Ní mór do chóras faisnéise an Choimisiúin feidhmiú go héifeachtach in am trátha sula dtiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm ionas go mbeidh gnólachtaí in ann a n-oibríochtaí a oiriúnú. Ina theannta sin, tugtar isteach leis an treoir dhoiciméad ón gCoimisiún agus leis na Ceisteanna Coitianta nua tuilleadh éiginnteachtaí nach mór a shoiléiriú sula dtiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm.

Measann an tSualainn gur gá na rialacha a shimpliú, agus creideann sí nach mór don Choimisiún tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú. Is díol sásaimh don tSualainn gur cosúil go bhfuil Parlaimint na hEorpa den tuairim céanna freisin. Ní mór athruithe a dhéanamh ar bhonn tograí a ndearnadh measúnú tionchair orthu nach gcuireann an iomaíocht as riocht nó tograí a bhfuil an baol ann go gcruthóidh siad claontachtaí. Tríd is tríd, is fadhb i cónaí í go bhfuil ualach díréireach ard riaracháin ar ghnólachtaí maidir le smachtbhannaí atá dian go díréireach nó iarmhairtí eacnamaíochta diúltacha díréireacha a sheachaint de thoradh an Rialacháin. Ní mór forálacha an Rialacháin agus a chur i bhfeidhm a bheith níos comhréirí ó thaobh an ualaigh riaracháin agus na bpionós de, lena n-áirítear maidir le táirgí a dhíoltar ar an mórchóir a tharraingt siar. Creideann an tSualainn i gcónaí go rannchuideodh Rialachán níos cúinge agus níos feidhmiúla níos mó le forbairt dhomhanda inbhuanaithe. Mar sin féin, ós rud é gur fearr an t-amchlár atá beartaithe don chur chun feidhme ná an staid mar atá faoi láthair, tacaíonn an tSualainn leis an iarratas a chur siar. Is díol sásaimh don tSualainn tiomantas an Choimisiúin ó thaobh an ualaigh riaracháin a laghdú, mar a cuireadh in iúl i gcomhthéacs an chruinnithe thríthaobhaigh, agus tathantaíonn sí ar an gCoimisiún a dhícheall a dhéanamh faoi chuimsiú an Rialacháin atá ann cheana agus athbhreithniú a dhéanamh d'fhonn an creat rialála a shimpliú roimh 2028. Ba cheart anailís a dhéanamh san athbhreithniú sin freisin ar an bhféidearthacht tuilleadh simplithe a dhéanamh ar thráchtearraí agus ar tháirgí ó thíortha nó ó chodanna de thíortha a bhfuil riosca íseal dífhoraíochta agus díghrádaithe foraoise ag baint leo.

## Ráiteas ón gCoimisiún

Geallann an Coimisiún fós an t ualach ar ghnólachtaí a laghdú trí cheanglais riaracháin a laghdú agus trí dheireadh a chur le hualaí maorlathacha nach bhfuil gá leo.

Chun é sin a bhaint amach i ndáil le Rialachán (AE) 2023/1115, soláthróidh an Coimisiún tuilleadh soiléirithe, fiosróidh sé bearta simplithe, agus déanfaidh sé na hoibleagáidí maidir le tuairisciú agus doiciméadacht a chuíchóiriú, chun iad a íoslaghdú a mhéid is féidir, agus cuspóirí an Rialacháin á gcomhlíonadh go hiomlán san am céanna. Chuige sin, agus chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, foilseoidh an Coimisiún eagrán cothrom le dáta de na Treoirínte agus na Ceisteanna Coitianta. Ina theannta sin, leanfaidh an Coimisiún de fhreagraí a thabhairt ar aiseolas ó na páirtithe leasmhara agus ó na Ballstáit, de chuidiú leis na trádálaithe agus na hoibreoírí maidir le cur chun feidhme, go háirithe i ndáil leis an oibleagáid ráitis maidir le dícheall cuí a chur isteach ar feadh an tslabhra luacha.

Chun cur ar a gcumas do thrádálaithe agus d'oibreoírí, i gcomhar leis na húdaráis inniúla, a bheith in ann ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh, is tosaíocht de chuid an Choimisiúin é oibríochtú an Chórais Faisnéise. Is den rithábhacht é freisin an catagóiriú riosca a thagarmharcáil chun intuarthacht a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin le haghaidh oibreoírí, trádálaithe, tíortha is táirgeoírí agus údaráis inniúla. Geallann an Coimisiún go daingean a áirithiú go mbeidh an Córas Faisnéise agus an togra maidir leis an gcatagóiriú riosca araon ar fáil a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 6 mhí sula gcuirfear an Rialachán i bhfeidhm.

I gcomhthéacs an athbhreithnithe ghinearálta ar an Rialachán, a mheastar a chuirfear i gcrích tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2028, déanfaidh an Coimisiún anailís, é bunaithe ar mheasúnú tionchair, de réir mar is iomchuí, ar bhearta breise chun an t ualach riaracháin a shimpliú agus a laghdú. Cuirfear san áireamh san anailís sin an gá le ceanglais laghdaithe i ndáil le foinsiú ó thíortha agus ó chodanna de thíortha a bhfuil torthaí dearfacha bainte amach acu i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin, mar aon le hindéantacht na gceanglas sin.